BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

7 Aibreán 2022*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 132(1)(b) – Díolúintí i leith gníomhaíochtaí leasa ghinearálta áirithe – Díolúine i leith ospidéal agus cúram leighis – Ospidéal príobháideach – Aitheantas cuí ar an mbunaíocht – Coinníollacha sóisialta inchomparáide)

I gCás C-228/20,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Niedersächsisches Finanzgericht (an Chúirt Airgeadais, an tSacsain Íochtarach, an Ghearmáin), trí bhreith an 2 Márta 2020, a fuarthas ag an gCúirt an 2 Meitheamh 2020, sna himeachtaí idir

I GmbH

v

Finanzamt H,

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag gníomhú mar Uachtarán an Dara Dlísheomra, I. Ziemele (Rapóirtéir), T. von Danwitz, P. G. Xuereb agus A. Kumin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: G. Hogan,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– I GmbH, ag W. Franz, Rechtsanwalt,

– Finanzamt H, ag K. Hintzelmann, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller agus S. Heimerl, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Jokubauskaitė agus L. Mantl, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 23 Meán Fómhair 2021,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 132(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1; 'Treoir CBL').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir I GmbH agus Finanzamt H (Oifig Cánach H, an Ghearmáin) maidir leis an díolúine ó cháin bhreisluacha (CBL) do sheirbhísí ospidéil a sholáthair I le linn na mblianta cánach 2009 go 2012.

Comhthéacs dlí

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Is é Airteagal 131 den Treoir CBL an t-aon airteagal i gCaibidil 1 de Theideal IX den Treoir sin, dar teideal 'Forálacha ginearálta' agus 'Díolúintí', faoi seach. Sonraítear an méid seo a leanas san Airteagal sin:

'Beidh feidhm ag na díolúintí dá bhforáiltear i gCaibidil 2 go Caibidil 9 gan dochar d'fhorálacha eile an Chomhphobail agus i gcomhréir le coinníollacha a leagfaidh na Ballstáit síos chun a áirithiú go gcuirfear na díolúintí sin i bhfeidhm i gceart agus go simplí agus chun aon imghabháil, seachaint nó mí-úsáid fhéideartha a chosc.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 132(1) den Treoir CBL, atá i gCaibidil 2, dar teideal 'Díolúintí i leith gníomhaíochtaí leasa ghinearálta áirithe', de Theideal IX den Treoir sin:

'Déanfaidh na Ballstáit na hidirbhearta seo a leanas a dhíolmhú:

[…]

(b) cúram ospidéil agus leighis agus gníomhaíochtaí dlúthghaolmhara a dhéanann comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó, faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leis na cinn is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, ag ospidéil, ag lárionaid chóireála nó diagnóise leighis agus ag bunaíochtaí eile den chineál céanna arna n-aithint go cuí;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 133 den Treoir sin:

‘Féadfaidh na Ballstáit an deonú do chomhlachtaí seachas na comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí gach díolúine dá bhforáiltear i bpointí (b), (g), (h), (i), (l), (m) agus (n) d’Airteagal 132(1) a chur faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas i ngach cás ar leith:

(a) níor cheart nach mbeidh sé d’aidhm go córasach ag na comhlachtaí i dtrácht brabús a dhéanamh, agus níor cheart barrachais a eascraíonn as, mar sin féin, a dháileadh, ach ní mór iad a shannadh do bhuanú nó d’fheabhsú na seirbhísí a sholáthraítear;

(b) ní mór na comhlachtaí sin a bhainistiú agus a riar ar bhonn deonach go bunúsach ag daoine nach bhfuil aon leas díreach ná indíreach acu, iad féin nó trí idirghabhálaithe, maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí lena mbaineann;

(c) ní mór do na comhlachtaí sin praghsanna a ghearradh arna bhformheas ag na húdaráis phoiblí nó nach bhfuil de shárú ar na praghsanna formheasta sin nó, i leith na seirbhísí sin nach bhfuil faoi réir formheasa, praghsanna a ghearradh atá níos ísle ná na praghsanna a ghearrann gnóthais tráchtála atá faoi réir CBL ar sheirbhísí comhchosúla;

(d) níor cheart gur dócha gur saobhadh iomaíochta a bheadh mar thoradh ar na díolúintí a bheadh chun míbhuntáiste fiontar tráchtála atá faoi réir CBL.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 134 de Threoir CBL:

‘Ní dheonófar díolúine do sholáthar earraí nó seirbhísí, dá bhforáiltear i bpointí (b), (g), (h), (i), (l), (m) agus (n) d’Airteagal 132(1), sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach bhfuil an soláthar riachtanach do na hidirbhearta a dhíolmhaítear;

(b) i gcás gurb é bunchuspóir an tsoláthair ioncam breise a fháil don chomhlacht i dtrácht trí idirbhearta atá in iomaíocht dhíreach le hidirbhearta gnóthas tráchtála atá faoi réir CBL.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Gearmáine

7 Faoi Alt 4, pointe 14, den Umsatzsteuergesetz (Dlí maidir le Cáin Láimhdeachais) an 21 Feabhra 2005 (BGBl. 2005 I, lch. 386), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (‘an UStG’), tá an méid seo a leanas díolmhaithe ó CBL:

‘[…]

(b) cúram ospidéil agus leighis, lena n-áirítear diagnóis, measúnú leighis, seirbhísí coiscthe, athshlánúcháin, cnáimhseachais agus ospíse chomh maith le gníomhaíochtaí dlúthghaolmhara a dhéanann comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí. Beidh na seirbhísí a bhfuil tuairisc orthu sa chéad abairt díolmhaithe freisin i gcás ina bhfuil siad á soláthar ag:

(aa) ospidéil fhormheasta de réir bhrí Mhír 108 de [Leabhar V den Sozialgesetzbuch (Cód Slándála Sóisialta)]

[…]

(cc) comhlachtaí atá fostaithe chun cúram a sholáthar ag soláthraithe árachais tionóisce reachtúil i gcomhréir le mír 34 de [Leabhar VII den Chód Slándála Sóisialta].'

8 Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 108, dar teideal 'Ospidéil fhormheasta', de Leabhar V den Chód Slándála Sóisialta ('an SGB V'):

'Ní fhéadfaidh cistí árachais sláinte cúram ospidéil a fháil ach ó na hospidéil seo a leanas (ospidéil fhormheasta):

1. [Ospidéil ollscoile]

2. Ospidéil atá san áireamh i bplean ospidéil ar leibhéal *Land* (ospidéil phleanliostaithe), nó

3. Ospidéil a bhfuil conradh soláthair cúraim tugtha i gcrích acu leis an Landesverbände der Krankenkassen (comhlachais chiste árachais sláinte ar leibhéal *Land*) agus leis an Verbände der Ersatzkassen (na comhlachais ciste ionaid).'

9 Foráiltear le pointí 2 agus 3 d'Alt 109 de SGB V, dar teideal 'Conradh soláthair cúraim a thabhairt i gcrích le hospidéil':

'[…]

(2) Ní bheidh aon cheart conradh soláthair cúraim dá dtagraítear in Alt 108, pointe 3, de SGB V a thabhairt i gcrích […]

(3) Ní fhéadfar conradh soláthair cúraim dá dtagraítear in Alt 108, pointe 3, de SGB V a thabhairt i gcrích i gcás

1. nach dtairgeann an t-ospidéal ráthaíocht maidir le cúram ospidéil atá éifeachtach agus cost-éifeachtach;

2. … [nach gcomhlíonann an t-ospidéal ceanglais cháilíochta áirithe]; nó

3. nach bhfuil gá leis an ospidéal chun cúram ospidéil riachtanas-bhunaithe a sholáthar do dhaoine árachaithe.

[…]'

10 Foráiltear an méid seo a leanas le hAlt 1, dar teideal 'Prionsabal', den Gesetz zur wirtschaftlichen Sicherung der Krankenhäuser und zur Regelung der Krankenhauspflegesätze (Krankenhausfinanzierungsgesetz) (Dlí maidir le Maoiniú Ospidéil) an 10 Aibreán 1991 (BGBl. 1991 I, lch. 886; 'KHG'):

'(1) Is é is aidhm don Dlí seo slándáil eacnamaíoch a sholáthar d'ospidéil d'fhonn cúram ardchaighdeán, atá dírithe ar othair agus atá bunaithe ar riachtanais a áirithiú don daonra trí

ospidéil atá éifeachtach, ar ardchaighdeán agus a oibrítear go neamhspleách agus chun rannchuidiú le táillí cúram sláinte atá inmharthana ó thaobh sóisialta de.'

11 Foráiltear i bpointe 1 d'Alt 6 de KHG, dar teideal 'Cláir phleanála agus infheistíochta ospidéil':

'Tarraingeoidh an *Länder* suas pleananna ospidéil agus cláir infheistíochta a bheidh dírithe ar na cuspóirí atá leagtha amach in alt 1 a bhaint amach; cuirfear san áireamh na costais a bhaineann leo sin, go háirithe a dtionchar ar tháillí cúram sláinte.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú

12 Is cuideachta é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí arb é a cuspóir corparáideach ná ospidéal a phleanáil, a bhunú agus a oibriú ina ndéantar ionadaíocht do gach réimse néareolaíochta.

13 Soláthraíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí seirbhísí ospidéil de réir bhrí dhlí na Gearmáine agus tá an t-oibriú díobh formheasta ag an Stát. Mar sin féin, níl sé san áireamh sa phlean riachtanais ospidéil don tSacsain Íochtarach agus, mar sin, níl sé ina ospidéal pleanliostaithe de réir bhrí Alt 108, pointe 2, de SGB V. Níl an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ina ospidéal ar conradh, ós rud é nach bhfuil conarthaí soláthair cúraim tugtha i gcrích aige leis an gciste árachais sláinte reachtúil nó le cistí ionaid, de réir bhrí Alt 108, pointe 3, de SGB V.

14 Is iad othair an iarratasóra sna príomhimeachtaí ná othair féinmhaoinithe a íocann as a gcóireáil roimh ré, othair a bhfuil árachas príobháideach acu agus/nó othair atá i dteideal *Beihilfe* (cúnamh a íoctar le seirbhísigh phoiblí i gcás breoiteachta), othair 'ambasáide', a n-eisíonn ambasáid Stáit eachtraigh deimhniú go n-íocfaidh sí na táillí, othair ar baill iad d'fhórsaí armtha na Gearmáine, othair atá cleamhnaithe le hárachas ceirde cumainn agus othair atá cumhdaithe ag árachas sláinte reachtúil. Cuireadh cóireáil ar gach othar a raibh árachas sláinte príobháideach nó reachtúil acu tar éis deimhniú go mbeadh na táillí cumhdaithe ag an tseirbhís a íocann cúnamh le seirbhísigh phoiblí i gcás breoiteachta, ag ciste árachais sláinte, ag ciste ionaid nó ag árachas príobháideach. I gcás othar ambasáide, ba iad institiúidí slándála sóisialta eachtracha ag gníomhú trí na hambasáidí lena mbaineann a d'íoc na costais.

15 Ar dtús, rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí cúram ospidéil agus leighis agus gníomhaíochtaí dlúthbhainteacha ar bhonn táillí laethúla ar ráta seasta a shonrascadh, mar is gnách i measc na n-ospidéal dá dtagraítear i Alt 108 de SGB V, móide aon fhorlíontaí i gcás inar tugadh seomraí singil nó dúbailte d'othair. Rinneadh seirbhísí leighis roghnacha a shonrascadh ar leithligh. Ina dhiaidh sin, chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí sonrasc de réir a chéile chuig a sheirbhísí éagsúla ar bhonn íocaíochtaí ar ráta seasta de réir grúpa cásanna, i gcomhréir le córas dá dtagraítear an córas um an '*Grúpa maidir le Diagnóis*'. In 2011, rinneadh sonrasc idir 15 agus 20 % de laethanta san ospidéal faoin gcóras sin.

16 An 28 Meitheamh 2012, thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí creat-chomhaontú i gcrích le ciste árachais tionóisce, ina cháil mar sholáthraí árachais tionóisce reachtúil, de réir bhrí Alt 4, pointe 14(b)(cc) de UStG, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2012.

17 Ina thuairisceáin chánach láimhdeachais do na blianta airgeadais 2009 go 2012, dhéileáil an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí leis na seirbhísí ospidéil a sonrascadh ar bhonn táillí ar ráta seasta agus na táillí úsáideora a gearradh ar dhochtúirí neamhchónaitheacha mar idirbhearta díolmhaithe ó cháin láimhdeachais.

18 I gcomhthéacs iniúchadh cánach a rinne an Finanzamt für Grossbetriebsprüfung H (Oifig Cánach H, atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthais mhórscála), bhí an t-iniúchóir den tuairim nár cheart go mbeadh formhór na seirbhísí a sholáthair an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí roimh an 1 Iúil 2012 díolmhaithe ó CBL toisc nach raibh sé ina ospidéal formheasta roimh an dáta sin. Dheimhnigh an oifig cánach an seasamh sin le cinneadh an 6 Meán Fómhair 2017.

19 Áitíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí go bhfuil na seirbhísí sin díolmhaithe ó CBL faoi Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL. Sonraíonn sé go bhfuil ospidéal formheasta á oibriú aige agus go soláthraíonn sé cúram ospidéil agus leighis ar an mbealach céanna a sholáthraíonn comhlacht arna rialú ag an dlí poiblí. Áitíonn sé go dtugtar faoina chuid gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé raon seirbhísí ar fáil atá inchomparáide leis na cinn a sholáthraíonn ospidéil phoiblí nó ospidéil atá san áireamh sa phlean ospidéil. Ar an dara dul síos, soláthraíonn sé a seirbhísí do gach duine, bíodh sé faoi árachas reachtúil, faoi árachas príobháideach nó gan aon árachas ar chor ar bith aige. Is iad comhlachtaí leasa shóisialaigh a íocann costais chóireála den chuid is mó, lena n-áirítear ní hamháin cistí árachais sláinte reachtúil ach fórsaí armtha na Gearmáine, cumainn árachais ceirde, an tseirbhís a riarann cúnamh do sheirbhísigh phoiblí i gcás breoiteachta, agus ambasáidí. B'ionann othair a bhfuil a speansais cumhdaithe mar sin ag comhlachtaí slándála sóisialta, i dtéarmaí laethanta san ospidéal, agus 33.08 % in 2009, 34.31 % in 2010, 38.15 % in 2011 agus 40.30 % in 2012.

20 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach gcomhlíonann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí na coinníollacha maidir le díolúine atá leagtha síos in alt 4, pointe 14(b)(aa) de UStG agus nach bhféadfaidh sé brath ar an díolúine dá bhforáiltear i mír 4, pointe 14(b)(cc) de UStG ach amháin ón 1 Iúil 2012, an dáta ar tháinig an creat-chomhaontú arna thabhairt i gcrích leis an gciste árachais tionóisce i bhfeidhm.

21 Tugann an chúirt sin dá haire, maidir le hospidéil seachas comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, go bhforchoimeádtar in alt 4, pointe 14(b)(aa) de UStG, an díolúine ó CBL d'ospidéil ar na chéad ospidéil a cuireadh san áireamh sa phlean ospidéil agus a bhfuil a gcuid seirbhísí ag freastal ar riachtanais shonraithe faoin dlí slándála sóisialta. I gcomhréir le halt 108 agus le halt 109, pointe 3(3) de SGB V, ní fhéadfaidh cistí árachais sláinte reachtúil nó cistí ionaid conradh soláthair cúraim a thabhairt i gcrích le hospidéal ach amháin nuair is gá sin chun cúram atá bunaithe ar riachtanas a sholáthar do dhaoine árachaithe. Fiú má áirítear ospidéal i bplean ospidéil, tá na gnéithe eacnamaíocha fós ábhartha ós rud é, faoi Alt 1 de KHG, gurb é cuspóir an dlí sin rannchuidiú le táillí inmharthana cúram sláinte. Mar sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ní féidir aon ospidéal breise a chur san áireamh sa phlean ospidéil don *Land* ina bhfuil sé suite nó, dá bhrí sin, conarthaí soláthair cúraim a thabhairt i gcrích leis na cistí árachais sláinte reachtúil i gcás ina bhfuil dóthain leapacha ospidéil le haghaidh speisialtachta ar leith ar fáil cheana féin laistigh den *Land* i gceist.

22 Dá bhrí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go gcaitear go héagsúil le seirbhísí cosúla mar thoradh ar an gcóras cánach láimhdeachais. Tá an buntáiste atá ag roinnt ospidéal thar ospidéil eile bunaithe go hiomlán ar an bhfíric go bhfuil na chéad ospidéal níos sine agus go raibh siad in ann a bheith i measc na chéad ospidéal a cuireadh san áireamh sa phlean ospidéil nó chun conarthaí soláthair cúraim a thabhairt i gcrích.

23 Ina theannta sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, laistigh de chásdlí an Bundesfinanzhof (Cúirt Airgeadais Chónaidhme na Gearmáine), go bhfuil treocht ag teacht chun cinn i dtreo na tuairime nach gcomhlíonann alt 4, pointe 14, de UStG na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL ar an bhforas nach bhfuil feidhm ag an díolúine chánach do

sheirbhísí a chuirtear ar fáil in ospidéil nach comhlachtaí iad arna rialú ag an dlí poiblí ach amháin ar an gcoinníoll go bhfreastalaíonn na seirbhísí sin ar riachtanais shonraithe faoin dlí slándála sóisialta.

24 Chun a chinneadh an soláthraíodh nó nár soláthraíodh na seirbhísí ospidéil agus gníomhaíochtaí dlúthghaolmhara arna gcur ar fáil ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí de réir bhrí Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le hábharthacht na gcritéar a bhaineann le bainistíocht, struchtúir chostais agus feidhmíocht eacnamaíoch na bunaíochta i dtrácht, arna nglacadh ag an Bundesfinanzhof (an Chúirt Airgeadais Chónaidhme). Measann sí go mbeadh sé níos oiriúnaí dearcadh na n-othar a ghlacadh.

25 Go háirithe, bheadh na dálaí sóisialta inchomparáide dá gcumhdófaí costais fhormhór na n-othar ag comhlachtaí slándála sóisialta. De réir na cúirte a rinne an tarchur, ní critéar oiriúnach é costais ospidéil chun a chinneadh cibé an gcuireann nó nach gcuireann ospidéal príobháideach a sheirbhísí ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd a bhaineann le hospidéal poiblí, ós rud é nach mór do shainospidéal príobháideach táille níos mó a ghearradh ná ospidéal poiblí a dhéanann gnáthaimh leighis shimplí freisin nach bhfuil gá le trealamh costasach.

26 Sna himthosca sin, chinn na Niedersächsisches Finanzgericht (an Chúirt Airgeadais, an tSacsain Íochtarach, an Ghearmáin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

‘(1) An bhfuil [alt] 4, pointe 14(b), de [UStG] ag teacht le hAirteagal 132(1)(b) den [Treoir CBL], a mhéid a cháilíonn ospidéil nach comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí iad le haghaidh díolúine ó cháin ar an gcoinníoll go gceadaítear iad de réir bhrí mhír 108 de [SGB V]?

(2) Má thugtar freagra diúltach ar Cheist 1: cathain a sholáthraíonn ospidéil arna rialú ag an dlí príobháideach cúram ospidéil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí de réir bhrí Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear

An chéad cheist

27 Is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil go bhforáiltear le forálacha dhlí na Gearmáine atá ábhartha maidir le réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí go bhféadfaidh ospidéal nach comhlacht arna rialú ag an dlí poiblí é a bheith cáilithe le haghaidh díolúine ó CBL faoi alt 4, pointe 14(b)(aa) de UStG má tá an t-ospidéal sin formheasta de réir bhrí Alt 108 de SGB V, toisc go bhfuil sé san áireamh i bplean ospidéil ar leibhéal *Land* nó toisc go bhfuil conarthaí soláthair cúraim tugtha i gcrích aige le cistí árachais sláinte reachtúil nó le cistí ionaid.

28 Mar sin féin, tagraíonn Rialtas na Gearmáine d’fhachtóir breise a bhaineann leis an dlí náisiúnta. Sonraíonn sé gur léir ó chiorclán riaracháin, atá infheidhme ón 1 Eanáir 2009, go bhféadfadh fiú ospidéil phríobháideacha nach bhfuil formheasta faoi alt 108 de SGB V cáiliú do dhíolúine ó CBL

i gcás go gcomhfhreagraíonn a gcuid seirbhísí dóibh siúd a dhéanann ospidéil arna mbainistiú ag comhlachtaí poiblí nó ospidéil formheasta de réir bhrí Alt 108 de SGB V agus is cistí árachais sláinte nó comhlachtaí slándála sóisialta eile a íocann costais na seirbhísí sin den chuid is mó.

29 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú nach dtugtar de chumhacht don Chúirt, in imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, rialú a thabhairt ar léiriú nó ar bhailíocht dhlí an Aontais ach amháin i bhfianaise na staide fíorasaí agus dlíthiúla mar a thuairiscíonn an chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn cibé treoir a sholáthar don chúirt sin a chabhróidh léi an díospóid atá os a comhair a réiteach (breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Onofrei*, C-218/19, EU:C:2020:1034, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Mar sin, is faoin gCúirt atá sé ceisteanna na cúirte náisiúnta a fhreagairt mar atá siad leagtha amach agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos ag an gcúirt náisiúnta.

31 Ba cheart, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an gcéad cheist ag féachaint do na hábhair dlí a ndearna an chúirt a rinne an tarchur tuairisc orthu, a chuireann an cheist sin i bhfianaise na gcoinníollacha atá leagtha síos in alt 108 de SGB V. Ní dhéanann an ciorclán riaracháin dá dtagraítear ag Rialtas na Gearmáine difear d'ábharthacht na ceiste sin, go háirithe ós rud é nach gcuireann an rialtas sin i gcoinne infheidhmeacht na gcoinníollacha atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur, ach, ar a mhéad, go ndéanann sé tagairt do choinníollacha malartacha breise nár luaigh an chúirt sin.

32 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, óna céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar an reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar coinníoll go bhfuil na seirbhísí cúraim a sholáthraíonn ospidéal príobháideach díolmhaithe ó CBL má fhormheastar an t-ospidéal sin de réir na bhforálacha náisiúnta a bhaineann leis an scéim ghinearálta árachais sláinte, tar éis iad a bheith comhtháthaithe i bplean ospidéil ar leibhéal *Land* nó tar éis tabhairt i gcrích comhaontuithe chun cúram a sholáthar le cistí árachais sláinte reachtúil nó cistí ionaid.

33 I gcomhréir le cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá ní hamháin a foclaíocht a bhreithniú ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sí agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid di í (breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Magistrat der Stadt Wien (Grand Hamster – II)*, C-357/20, EU:C:2021:881, mír 20).

34 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil na téarmaí a úsáidtear chun na díolúintí a leagtar síos in Airteagal 132 den Treoir CBL a shonrú le léiriú go docht, toisc gur imeacht iad ón bprionsabal ginearálta go bhfuil CBL le híoc ar gach soláthar de sheirbhísí arna dhéanamh ar chomaoin ag duine inchánach. Mar sin féin, ní mór do léiriú na dtéarmaí sin ceanglais phrionsabal na neodrachta fioscaí is gné dhílis de chomhchóras CBL a chomhlíonadh agus a bheith comhsheasmhach leis na cuspóirí is bun leis na díolúintí sin. Dá réir sin, ní chiallaíonn an ceanglas maidir le léiriú docht nach mór na téarmaí a úsáidtear chun na díolúintí dá dtagraítear in Airteagal 132 a shonrú a fhorléiriú ar bhealach a mbainfidh an éifeacht ó na díolúintí atá beartaithe dóibh (breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA*, C-846/19, EU:C:2021:277, mír 57).

35 Beidh feidhm ag na rialacha sin um léiriú maidir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos maidir le feidhm a bheith ag na díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 132 den Treoir CBL agus go háirithe maidir leis na coinníollacha sin a bhaineann le stádas nó céannacht an ghníomhaire eacnamaíoch a dhéanann na seirbhísí a chumhdaítear leis an díolúine (breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 57).

36 Is léir ó fhoclaíocht Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL go ndíolmhóidh na Ballstáit cúram ospidéil agus leighis agus gníomhaíochtaí dlúthghaolmhara a dhéanann comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó, 'faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leis na cinn is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, ag ospidéil, ag lárionaid chóireála nó diagnóise leighis agus ag bunaíochtaí eile den chineál céanna arna n-aithint go cuí'.

37 I gcomhréir le foclaíocht na forála sin, ní mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh maidir le cúram ospidéil agus leighis agus gníomhaíochtaí dlúthghaolmhara arna gcur ar fáil ag eintiteas seachas comhlacht arna rialú ag an dlí poiblí chun bheith incháilithe do dhíolúine ó CBL. Baineann an chéad choinníoll leis na seirbhísí a sholáthraítear agus ceanglaítear go dtabharfar fúthu faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Márta 2020, *Idealmed III*, C-211/18, EU:C:2020:168, mír 20 agus mír 21).

38 Baineann an dara coinníoll le stádas na bunaíochta a sholáthraíonn na seirbhísí sin agus ceanglaítear ar an oibreoir a bheith ina ospidéal, ina lárionad cóireála nó diagnóise leighis nó ina bhunaíocht eile den chineál céanna arna n-aithint go cuí.

39 Sa chás seo, níl an chúirt a rinne an tarchur cinnte cibé an bhfuil nó nach bhfuil forálacha dhlí na Gearmáine lena bhforchoimeádtar an díolúine ó CBL d'ospidéil fhormheasta ar bhonn forálacha náisiúnta a bhaineann leis an gcóras árachais sláinte ginearálta ag luí leis an dara coinníoll.

40 Chuige sin, chinn an Chúirt roimhe seo go bhfuil sé, i bprionsabal, don dlí náisiúnta de gach Ballstát na rialacha a leagan síos a bhféadtar dá réir an aithint de bhunaíocht chun críocha deonú na díolúine a leagtar síos in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL a thabhairt do bhunaíochtaí a iarrann é. Tá rogha ag na Ballstáit ina leith sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Ní thoimhdítear le haithint den sórt sin nós imeachta aitheantais foirmiúil agus ní gá go n-eascródh sé ó fhorálacha dlí náisiúnta cánach (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 61).

42 I gcás ina lorgaíonn duine inchánach stádas bunaíochta arna aithint go cuí chun críocha Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, is faoi na húdaráis inniúla atá sé comhlíonadh le teorainneacha na lánrogha a thugtar dóibh leis an bhforáil sin agus prionsabail dhlí an Aontais á gcur i bhfeidhm acu, go háirithe prionsabal na córa comhionainne atá, i réimse an CBL, i bhfoirm phrionsabal na neodrachta fioscaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Is i bhfianaise na bprionsabal sin is gá teorainneacha na lánrogha a thugtar do Bhallstát leis an Treoir CBL a chinneadh agus scrúdú a dhéanamh an gá Airteagal 132(1)(b) den Treoir sin a léiriú sa chaoi go bhféadfadh ospidéal príobháideach teacht laistigh de na teorainneacha sin dá mba rud é go mbeadh an t-ospidéal sin faoi réir an choinníll go ndéanfar é a fhormheas faoi fhorálacha

náisiúnta a bhaineann leis an gcóras árachais sláinte ginearálta, a chiallaíonn nach mór an t-ospidéal sin a áireamh sa phlean ospidéil áitiúil nó conarthaí soláthair cúraim a bheith tugtha i gcrích aige leis na cistí árachais sláinte reachtúil nó leis na cistí ionaid.

44 Mar sin, is gá a aimsiú, ar dtús, cibé an mbaineann nó nach mbaineann an ceanglas ‘arna n-aithint go cuí’ leis na heintitis go léir dá dtagraítear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, nó le ‘bunaíochtaí eile den chineál céanna’ amháin, de réir bhrí na forála sin.

45 Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús, sna leaganacha Spáinnise, Fraincise, Iodáilise, Portaingéilise agus Rómáinise d’Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, go gcuirtear an frása ‘arna n-aithint go cuí’ i ndiaidh na tagartha do ‘bunaíochtaí eile den chineál céanna’, ach i leaganacha teanga eile, *inter alia* sa Ghearmáinis, i mBéarla agus sa Laitvis, cuirtear an frása ‘arna n-aithint go cuí’ idir na téarmaí ‘eile’ agus ‘bunaíochtaí den chineál céanna’. Dá réir sin, le roinnt leaganacha teanga d’Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, tugtar le tuiscint nach bhfuil ach ‘bunaíochtaí eile den chineál céanna’ faoi réir an cheanglais go ndéanfaí iad ‘a aithint go cuí’, agus glacann leaganacha eile leis go bhfuil feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach catagóir de bhunaíocht phríobháideach a chumhdaítear leis an bhforáil sin.

46 I gcomhréir le cásdlí socair, ní mór forálacha dhlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha atá ann i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Mengesteab*, C-670/16, EU:C:2017:587, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Is cásdlí socair é freisin nach féidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i leagan teanga amháin d’fhoráil de dhlí an Aontais a bheith mar bhunús amháin le haghaidh léiriú na forála sin nó chun na leaganacha teanga eile a shárú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2021, *KAHL agus Roeper*, C-197/20 agus C-216/20, EU:C:2021:892, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Sa chás seo, ós rud é, chun cáiliú don díolúine, nach mór do ‘bunaíochtaí eile’ a bheith ‘den chineál céanna’ le ‘ospidéil agus lárionaid chóireála nó diagnóise leighis’, ní mór an coinníoll maidir le haitheantas bunaíochta a thuiscint mar choinníoll a bhaineann leis na bunaíochtaí go léir a luaitear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL.

49 Tacaíonn comhthéacs agus cuspóir Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL leis an léiriú sin.

50 Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, maidir le comhthéacs na forála sin, go bhfuil an dara ceann díobh i gCaibidil 2, dar teideal ‘Díolúintí do ghníomhaíochtaí áirithe ar mhaithe le leas an phobail’, de Theideal IX den Treoir sin. Dá bhrí sin cumhdaítear leis an díolúine sin bunaíochtaí a shaothraíonn cuspóirí ar mhaithe le leas an phobail.

51 Ina dhiaidh sin, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfaidh seirbhísí leighis a sholáthraítear chun sláinte an duine a chosaint, lena n-áirítear sláinte an duine a chothabháil nó a athneartú leas a bhaint as an díolúine faoi Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL (breithiúnas an 21 Márta 2013, *PFC Clinic*, C-91/12, EU:C:2013:198, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na díolúine a leagtar síos in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, níl cuspóir na seirbhísí ábhartha chun a chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil na seirbhísí sin díolmhaithe ó CBL agus cibé an dtagann nó nach dtagann an bhunaíocht lena mbaineann faoi réim Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir le seirbhísí arb é is aidhm dóibh galair nó neamhoird sláinte a dhiagnóisiú nó iad a chóireáil nó a leigheas nó chun

sláinte an duine a chosaint, a chothabháil nó a athneartú, ach ní áirítear léi seirbhísí a fhreastalaíonn ar chríocha cosmaideacha amháin (breithiúnas an 21 Márta 2013, *PFC Clinic*, C-91/12, EU:C:2013:198, míreanna 28 agus 29).

53 Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú go gceadaítear leis an gcéad mhír d'Airteagal 133 den Treoir CBL do Bhallstáit deonú na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir sin a chur faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha atá leagtha amach san fhoráil sin. Baineann na coinníollacha sin le haidhmeanna na gcomhlachtaí sin, lena mbainistíocht agus leis na praghsanna a ghearrann siad, agus baineann siad leis na comhlachtaí príobháideacha uile dá dtagraítear san fhoráil sin.

54 I bhfianaise na lánrogha atá ag na Ballstáit sa chomhthéacs sin, mar a shonraítear i mír 40 thuas, chinn an Chúirt go dtacaíonn an rogha dá bhforáiltear sa chéad mhír d'Airteagal 133 den Treoir CBL leis an léiriú gur faoi dhlí náisiúnta gach Ballstáit na rialacha a leagan síos trína bhféadfar an t-aitheantas sin a dheonú dá réir do bhunaíochtaí a iarrann é, fiú mura bhfuil an rogha sin feidhmithe ag Ballstát, ní dhéanfaidh sé sin difear don fhéidearthacht go bhféadfaí bunaíocht a aithint chun críocha na díolúine dá dtagraítear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL a dheonú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Samhain 2003, *Dornier*, C-45/01, EU:C:2003:595, míreanna 64 go 66).

55 Mar sin féin, mura bhfuil an lánrogha a dtugtar dóibh leis an bhforáil sin le baint as na húdaráis náisiúnta, ní féidir aitheantas bunaíochta de réir bhrí Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL a bheith comhionann leis an údarú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 75).

56 De bharr aithint bhunaíochta a fhéadfar a dhíolmhú ó CBL faoi Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, go gceadaítear do na Ballstáit, ar an gcéad dul síos, a áirithiú nach bhféadfaidh ach bunaíochtaí a shaothraíonn gníomhaíochtaí de réir chuspóirí na forála sin amháin, cáiliú le haghaidh díolúine den sórt sin agus, ar an dara dul síos, incháilitheacht don díolúine sin a chur faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 133 den Treoir CBL a chomhlíonadh, agus, dá bhrí sin, ní féidir é a theorannú do na 'bunaíochtaí eile' amháin dá dtagraítear sa chéad fhoráil agus do na bunaíochtaí sin amháin.

57 Maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le hAirteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, ba cheart a mheabhrú go bhfuil sé d'aidhm ag an bhforáil sin go háirithe costas an chúraim leighis a laghdú agus an cúram sin a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair (breithiúnas an 6 Samhain 2003, *Dornier*, C-45/01, EU:C:2003:595, mír 43), lena mbaineann freisin inrochtaineacht cúraim ar ardchaighdeán.

58 Tacaíonn cuspóir leasa phoiblí a shaothraítear leis an bhforáil sin leis an léiriú go mbaineann an lánrogha atá ag na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 thuas, leis na bunaíochtaí go léir a luaitear san fhoráil sin.

59 Ina theannta sin, tá an léiriú sin comhsheasmhach le prionsabal na neodrachta fioscaí, lena gcuirtear bac, *inter alia*, mar a shonraítear i mír 42 thuas, go gcaithfí go héagsúil le hoibreoirí a thugann faoi na gníomhaíochtaí céanna a mhéid a bhaineann le tobhach CBL (breithiúnas an 6 Samhain 2003, *Dornier*, C-45/01, EU:C:2003:595, mír 44).

60 Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh Ballstát, i bhfeidhmiú a lánrogha féin, ospidéal príobháideach a chur faoi réir an choinníll go ndéanfar é a 'aithint go cuí' ionas go mbeidh soláthar ag an ospidéal sin de chúram leighis faoi choinníollacha sóisialta a bheidh inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag dlí poiblí, díolmhaithe faoi Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL.

61 Maidir leis na fachtóirí, ar an dara dul síos, atá le cur san áireamh chun bunaíochtaí atá incháilithe le haghaidh díolúine ó CBL a aithint, de réir bhrí Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, is do na húdaráis náisiúnta é, i gcomhréir le dlí an Aontais agus faoi réir athbhreithnithe ag cúirteanna náisiúnta, roinnt fachtóirí a chur san áireamh, lena n-áirítear leas an phobail maidir leis na gníomhaíochtaí den duine inchánach i dtrácht, an fhíric go bhfuil aitheantas comhchosúil cheana féin ag daoine inchánach eile a thugann faoi na gníomhaíochtaí céanna, agus an fhíric go bhféadfaidh scéimeanna árachais sláinte nó comhlachtaí slándála sóisialta eile den chuid is mó costais na seirbhísí atá i gceist a íoc (breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Ina theannta sin, mar a shonraítear i mír 42 thuas, tá an lánrogha a thugtar le hAirteagal 132(1)(b) den Treoir CBL teoranta ag na ceanglais a eascraíonn as prionsabal na neodrachta fioscaí.

63 Agus an díolúine a leagtar síos in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL á cur chun feidhme, ceanglaítear le comhlíonadh na neodrachta fioscaí, *inter alia*, go ndéanfaí gach eagraíocht seachas na heagraíochtaí sin arna rialú ag an dlí poiblí a chur ar chomhchéim chun críche a n-aitheantais maidir le soláthar seirbhísí comhchosúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2006, *L.u.P.*,C-106/05, EU:C:2006:380, mír 50).

64 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil go gciallaíonn formheas ospidéil phríobháidigh, faoi dhlí na Gearmáine, i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta a bhaineann leis an gcóras árachais sláinte ginearálta, go bhfuil an bhunaíocht sin curtha san áireamh i bplean ospidéil ar leibhéal *Land* nó go bhfuil conarthaí soláthair cúraim tugtha chun críche aige le cistí árachais sláinte reachtúil nó cistí ionaid.

65 Go háirithe, de réir mhínithe Rialtas na Gearmáine, déanann an *Länder* pleananna ospidéil a tharraingt suas chun na cuspóirí dá dtagraítear in alt 1 de KHG a bhaint amach, eadhon slándáil eacnamaíoch a sholáthar d'ospidéil chun cúram ar ardchaighdeán, atá dírithe ar an othar agus bunaithe ar riachtanais a áirithiú don daonra trí mheán ospidéil éifeachtúla ar ardchaighdeán a oibrítear go neamhspleách agus chun rannchuidiú le táillí cúram sláinte atá inmharthana ó thaobh sóisialta de.

66 Sonraíonn Rialtas na Gearmáine, go bunúsach, chun conarthaí soláthair cúraim a thabhairt i gcrích le cistí árachais sláinte reachtúil nó cistí ionaid, nach mór d'ospidéal príobháideach cúram ospidéil atá éifeachtach agus cost-éifeachtúil a ráthú, na ceanglais cháilíochta atá sainithe níos beaichte sa dlí a chomhlíonadh, agus a bheith riachtanach chun cúram ospidéil a chur ar fáil atá curtha in oiriúint do riachtanais an árachaí. I gcás ina ndéanann roinnt ospidéil oiriúnacha iarratas ar chonradh soláthair cúraim a thabhairt i gcrích agus nach mór rogha a dhéanamh, déantar an cinneadh ag féachaint do leas an phobail agus d'éagsúlacht oibreoirí ospidéil tar éis measúnú cuí a dhéanamh ar cén t-ospidéal is fearr a chomhlíonann na ceanglais um chúram ospidéil atá ar ardchaighdeán, dírithe ar an othar, bunaithe ar riachtanas, éifeachtach agus éifeachtúil.

67 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, chuige sin, mar atá luaite i mír 21 thuas, gurb é an iarmhairt a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist ná nach bhfuil feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL ach amháin má chomhlíonann na seirbhísí arna soláthar ag an ospidéal príobháideach atá i gceist riachtanais shonraithe faoin dlí leasa shóisialaigh. Mar sin, i ndáiríre, ní bheadh aon ionchas ag ospidéal príobháideach a bheith san áireamh i bplean ospidéil *Land* ina bhfuil sé suite nó conarthaí soláthair cúraim a thabhairt i gcrích leis na cistí árachais sláinte reachtúil má tá dóthain leapacha ospidéil le haghaidh speisialtachta áirithe ar fáil cheana féin laistigh den *Land* i gceist.

68 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 111 agus 112 dá Thuairim, leanann sé ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil go bhfuil lánrogha ag soláthraithe an árachais tionóisce reachtúil, ag na comhlachais ciste árachais sláinte agus ag comhlachais ciste ionaid ar an leibhéal *Land* uile comhaontú a thabhairt i gcrích le hospidéal agus nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an *Länder* ospidéil phríobháideacha neamhollscoile a thugann faoi ghníomhaíochtaí faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí a áireamh ina bplean ospidéil.

69 D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar fheidhmiú na lánrogha den sórt sin ag brath ar riachtanais arna sainiú faoin dlí slándála sóisialta, contrártha do phrionsabal na neodrachta fioscaí, go gcaithfí go héagsúil le hospidéil phríobháideacha chomhchosúla maidir leis an díolúine a leagtar síos in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL i ndáil le seirbhísí comhchosúla a sholáthraítear faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo sin is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí.

70 Mar sin, is é freagra na chéad cheiste ná nach mór Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL ná nach mór é a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, trí fhoráil a dhéanamh go bhfuil na seirbhísí cúraim a sholáthraíonn ospidéal príobháideach díolmhaithe ó CBL má fhormheastar an t-ospidéal sin de réir na bhforálacha náisiúnta a bhaineann leis an scéim árachais sláinte ghinearálta, tar éis iad a chomhtháthú i bplean ospidéil *Land* nó tar éis tabhairt i gcrích comhaontuithe chun cúram a sholáthar le cistí árachais sláinte reachtúil nó le cistí ionaid, go gcaitear go héagsúil le hospidéil phríobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla faoi choinníollacha sóisialta inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí maidir leis an díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin.

An dara ceist

71 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, cad iad na fachtóirí a fhéadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a chur san áireamh d'fhonn a chinneadh an gcuirtear cúram leighis arna sholáthar ag ospidéal príobháideach ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, de réir bhrí Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL.

72 Féachann an chúirt a rinne an tarchur, go háirithe, lena fháil amach an bhféadfar feidhmíocht an ospidéil i dtéarmaí foirne, áitribh agus trealaimh agus cost-éifeachtúlacht dá bhainistíocht a chur san áireamh chun na críche sin, nó an bhfuil gá le dearcadh an othair a chur san áireamh agus a mheas go bhfuil na coinníollacha dálaí sóisialta inchomparáide i gcás ina n-íocann comhlachtaí slándála sóisialta costais fhormhór na n-othar.

73 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú nach sainmhínítear go beacht le hAirteagal 132(1)(b) den Treoir CBL na gnéithe de na seirbhísí cúram sláinte lena mbaineann nach mór a chur i gcomparáid chun a mheasúnú an gcuirtear ar fáil iad faoi choinníollacha sóisialta inchomparáide, agus, dá réir sin, an bhfuil an fhoráil sin infheidhme (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Márta 2020, *Idealmed III*, C-211/18, EU:C:2020:168, mír 24).

74 Sna himthosca sin, chinn an Chúirt go bhfuil fachtóirí amhail an bhfuil na seirbhísí ar mhaithe le leas an phobail, agus an bhfuil na seirbhísí cumhdaithe faoin scéim slándála sóisialta nó á soláthar faoi chonarthaí arna dtabhairt i gcrích le húdaráis phoiblí Bhallstáit, ar phraghsanna arna socrú leis na conarthaí sin agus a n-íocann institiúidí slándála sóisialta an Bhallstáit sin go páirteach a gcostas, ina bhfachtóirí a fhéadfar a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Meitheamh 2010, *CopyGene*, C-262/08, EU:C:2010:328, míreanna 69 agus 70, agus an 5 Márta 2020, *Idealmed III*, C-211/18, EU:C:2020:168, mír 32).

75 Sa chéad áit, maidir le raon feidhme an choincheapa ‘coinníollacha sóisialta inchomparáide’, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 89 dá Thuairim, gur léir ó fhoclaíocht Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL go mbaineann an coinníoll sin leis na seirbhísí arna soláthar ag an mbunaíocht lena mbaineann.

76 Leanann sé freisin ó fhoclaíocht na forála sin nach mór, ar an gcéad dul síos, na coinníollacha faoina soláthraítear na seirbhísí in ospidéal a bheith, ní comhionann, ach cosúil leis na coinníollacha faoina soláthraítear na seirbhísí i mbunaíocht arna rialú ag an dlí poiblí agus, ar an dara dul síos, nach mór do na coinníollacha sin a bheith de chineál sóisialta.

77 Sa dara háit, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 86 dá Thuairim, tá an coinníoll a bhaineann le ‘coinníollacha sóisialta inchomparáide’ beartaithe chun cosc a chur ar na seirbhísí a chuireann bunaíochtaí príobháideacha ar fáil óna bheith díolmhaithe i gcás nach bhfuil na bunaíochtaí sin faoi réir na n-oibleagáidí sóisialta céanna agus atá bunaíochtaí arna rialú ag an dlí poiblí.

78 Sa tríú háit, mar a shonraítear i mír 57 thuas, tá sé mar aidhm ag Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, *inter alia*, costas an chúraim leighis a laghdú agus an cúram sin a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair, ina bhfuil inrochtaineacht ar chúram ardchaighdeáin i gceist leis freisin.

79 Dá bhrí sin, d’fhonn a chinneadh an gcuirtear seirbhísí ospidéal príobháideach ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, na coinníollacha a leagtar síos leis an reachtaíocht is infheidhme, a bhfuil ospidéil arna rialú ag an dlí poiblí faoina réir maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear, agus atá beartaithe chun an cuspóir a bhaint amach maidir le costas cúraim leighis a laghdú agus cúram ardchaighdeán a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair, agus atá iomchuí agus riachtanach chun na críche sin.

80 Ina dhiaidh sin, leanann sé ó chuspóir na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL, mar a shonraítear i mír 78 thuas, nach mór costais na seirbhísí a sholáthraíonn ospidéil phríobháideacha atá fós iníoctha ag othair a chur san áireamh.

81 Chuige sin, mar a shonraíonn an Coimisiún Eorpach, d’fhéadfaí a bheith ábhartha an cheist cibé an ríomhtar nó nach ríomhtar táillí laethúla ar ráta seasta ar bhealach inchomparáide in ospidéal príobháideach agus in ospidéal arna rialú ag an dlí poiblí. Ar an gcaoi chéanna, is faoin gcúirt a

rinne an tarchur a bheidh sé scrúdú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil na seirbhísí a sholáthraíonn ospidéil phríobháideacha cumhdaithe faoin gcóras slándála sóisialta nó faoi chonarthaí arna dtabhairt i gcrích le húdaráis phoiblí Bhallstáit, ionas go mbeidh na costais atá fós iníoctha ag othair ar leibhéal inchomparáide leo siúd a íocann othair de bhunaíochtaí poiblí.

82 Ar deireadh, féadfar feidhmíocht an ospidéil phríobháidigh i dtéarmaí foirne, áitribh agus trealaimh agus cost-éifeachtúlacht a bhainistíochta a chur san áireamh, a mhéid atá ospidéil arna rialú ag an dlí poiblí faoi réir táscairí bainistíochta inchomparáide agus a mhéid a rannchuidíonn táscairí den sórt sin leis an gcuspóir de chostais leighis a laghdú agus le cúram ardchaighdeán a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair, ar ábhar é don chúirt a rinne an tarchur le cinneadh.

83 I bhfianaise an mhéid thuasluaite, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 132(1)(b) den Treoir CBL a léiriú sa chaoi, chun a chinneadh an gcuirtear seirbhísí cúraim a sholáthraíonn ospidéal príobháideach ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leis na cinn is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit, agus iad d'aidhm acu costais cúraim sláinte a laghdú agus cúram sláinte ar ardchaighdeán a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair a chur san áireamh, na coinníollacha rialála is infheidhme maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn ospidéil phoiblí arna rialú ag an dlí poiblí agus táscairí ar fheidhmíocht an ospidéil phríobháidigh sin i dtéarmaí foirne, áitribh agus trealaimh chomh maith le héifeachtúlacht eacnamaíoch a bhainistíochta, ós rud é go bhfuil na táscairí sin infheidhme freisin maidir le hospidéil arna rialú ag an dlí poiblí. Féadfar a chur san áireamh freisin na modhanna chun na rátaí comhréidh laethúla a ríomh mar aon le cumhdach, faoin gcóras slándála sóisialta nó comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le húdaráis phoiblí, ar na seirbhísí a sholáthraíonn an bhunaíocht ospidéil sin faoin dlí príobháideach, ionas go bhfuil an costas a iompraíonn an t-othar gar don chostas a íocann othar ospidéil arna bhunú faoin dlí poiblí as seirbhísí comhchosúla.

Costais

84 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór Airteagal 132(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, trí fhoráil a dhéanamh go bhfuil na seirbhísí cúraim a sholáthraíonn ospidéal príobháideach díolmhaithe ó cháin bhreisluacha má fhormheastar an t-ospidéal sin de réir na bhforálacha náisiúnta a bhaineann leis an scéim árachais sláinte ghinearálta, tar éis iad a chomhtháthú i bplean ospidéil *Land* nó tar éis tabhairt i gcrích comhaontuithe chun cúram a sholáthar le cistí árachais sláinte reachtúil nó cistí ionaid, go gcaitear go héagsúil le hospidéil phríobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla faoi choinníollacha sóisialta inchomparáide leo siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí maidir leis an díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin.**

2. Ní mór Airteagal 132(1)(b) de Threoir 2006/112 a léiriú sa chaoi, chun a chinneadh an gcuirtear seirbhísí cúraim a sholáthraíonn ospidéal príobháideach ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leis na cinn is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit, agus iad d'aidhm acu costais cúraim sláinte a laghdú agus cúram sláinte ar ardchaighdeán a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair a chur san áireamh, na coinníollacha rialála is infheidhme maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn ospidéil phoiblí arna rialú ag an dlí poiblí agus táscairí ar fheidhmíocht an ospidéil phríobháidigh sin i dtéarmaí foirne, áitribh agus trealaimh chomh maith le héifeachtúlacht eacnamaíoch a bhainistíochta, ós rud é go bhfuil na táscairí sin infheidhme freisin maidir le hospidéil arna rialú ag an dlí poiblí. Féadfar a chur san áireamh freisin na modhanna chun na rátaí comhréidh laethúla a ríomh mar aon le cumhdach, faoin gcóras slándála sóisialta nó comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le húdaráis phoiblí, ar na seirbhísí a sholáthraíonn an bhunaíocht ospidéil sin faoin dlí príobháideach, ionas go bhfuil an costas a iompraíonn an t-othar gar don chostas a íocann othar ospidéil arna bhunú faoin dlí poiblí as seirbhísí comhchosúla.

[Sínithe]